# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

05 Samhain 2020

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA SAMHNA

Beidh gníomhaíochtaí éagsúla á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** do theaghlaigh páistí bunscoile ag méanlae chuile Shatharn i rith mhí na Samhna ar Zúm. Caithfear clárú roimh ré le meadhbh@tuismitheoiri.ie agus tá sé saor in aisce! Tá ceardlann cartúin le hAidan Courtney, ceardlann ealaíne le Deirdre Brennan, ceardlann bácála le Cácaí Aoibhinn chomh maith le tóraíocht taisce mórthimpeall an uisceadáin Mara Beo, le Ciara Ní hAllúráin i measc na ngníomhaíochtaí a bheidh ar siúl i rith na míosa. Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarratar cloí leis sin. Is féidir na sonraí uilig a fheiceáil ar chuntas Facebook: Tuismitheoirí na Gaeltachta.

### SCOLÁIREACHT LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá scoláireacht a mhairfidh suas le dhá bhliain á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine le Gaeilge líofa chun oiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil sa réimse Rialachas Corporáideach agus Riaracháin. Ní mór céim 3ú leibhéal i Staidéar Gnó/Cuntasaíocht/Dlí a bheith ag an té a roghnófar. Cuirtear béim ar chruinneas maith scríofa agus labhartha Gaeilge agus Béarla agus caithfidh scileanna eagrúcháin/anailíseach d'ardchaighdéan a bheith ag iarrthóirí. In Ardoifig an Údaráis sna Forbacha a bheidh an duine a cheapfar lonnaithe. Moltar iarratas chomh maith le CV trí Ghaeilge a sheoladh chuig An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, nó ríomhphost a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie. Tuilleadh eolais ar fáil ar líne ag: www.udaras.ie.

### EARRAÍ NUA SEOLTA AG GLÓR NA NGAEL

Sheol Caitlín Nic Aoidh, Comhordaitheoir Leanúnachais TG4 agus Pádraig Ó Neachtain, Glór na nGael cluichí agus leabhar nua de chuid Ghlór na nGael i bhfíseán a foilsíodh ar líne le gairid. **Gníomhspraoi** atá ar an leabhar nua, leabhar a thugann smaointe iontacha, le thart ar chaoga gníomh bunaithe ar chúrsaí ealaíne, atá feiliúnach do ghasúir. Cuirtear béim láidir sa leabhar ar acmhainní athchúrsála agus acmhainní eile a mbeadh fáil orthu sa mbaile. Thaispeáin Pádraig agus Caitlín cluichí sa bhfíseán freisin - an cluiche tomhais **Os Mo Chionn** agus an cluiche bunaithe ar eolas ginearálta darbh ainm **Tríonna.** Is féidir na cluichí nó an leabhar a cheannach ar líne ag www.udar.ie






### FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE

Seoladh an *Concise English-Irish Dictionary* go hoifigiúil ar an Aoine 30 Deireadh Fómhair ar líne. Ciara Ní É a bhí ina Bean Tí agus b'é an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn a sheol an foclóir. Sheol aíonna ar leith Dara Ó Briain, Micheál Ó Muircheartaigh, Máire Mhic Giolla Íosa, Caitlín Nic Aoidh agus Dara Ó Cinnéide teachtaireachtaí dea-mhéine chun na hócáide. Tá an seoladh oifigiúil le feiceáil ar YouTube fós ar chuntas Foras na Gaeilge. Tá an foclóir ar fáil ó shiopaí leabhar, ar líne anois.

### DIALANN DHOMHNAILL

D'fhoilsigh Domhnall Ó Braonáin as an Teach Mór, Indreabhán, a chéad cholún do NÓS an iris ar líne, an mhí seo caite. Dialann mhac léinn ollscoile atá ann a bheidh le léamh chuile mhí i NÓS as seo go deireadh na bliana acadúil. Thug Domhnall a dhearcadh ar chúrsaí spóirt i gcolún na míosa seo caite. Léigh dialann Dhomhnaill ar www.nos.ie. Maith thú féin, a Dhomhnaill!

### SLÁN LE MÁIRTÍN TOM SHEÁINÍN!

Chraol Máirtín Tom Sheáinín an clár Ardtráthnóna don uair dheireanach le gairid mar chlabhsúr ar a shaol craoltóireachta a lean breis agus scór go leith bliain. Thosaigh Máirtín ag obair le Raidió na Gaeltachta i gCasla i 1989. Beidh sé faoi agallamh ar **Iris Aniar** ar an 6/11 @ 9.15i.n. agus ceiliúradh á dhéanamh ar an gcraoltóir. Aireoidh muid uainn thú, a Mháirtín, go n-éirí an saol nua leat!

## EARRAÍ NA NOLLAG!

An bhfuil earraí ar nós bia, deochanna, bréagáin, cártaí nó bronntanais a bheadh feiliúnach don Nollaig á ndíol agat? Bhuel má tá, ba mhaith linne cúnamh a thabhairt do ghnóthaí áitiúla fógraíocht a dhéanamh! Má tá suim agat clárú linn, ba mhaith linn cloisteáil uait! Seol ríomhphost chugainn ag optchoisfharraige @gmail.com nó déan teagmháil linn @ 083 010 6294




## FIGHTING WORDS NA GAEILGE

Fógraíodh le gairid go bhfuil **Fighting Words na Gaeilge** sa tóir ar dhaoine le tacú leo. Is eagraíocht dheonach í a chuireann ceardlanna scríbhneoireachta chruthaithí ar fáil, saor in aisce, do pháistí, do dhaoine óga agus do ghrúpaí éagsúla eile. Iarrtar oraibhse a bhfuil spéis agaibh i gcúrsaí scéalaíochta agus ealaíne teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht le cur leis an bhfoireann dheonach atá acu. Is féidir físeán faoin eagraíocht a fheiceáil ar Facebook: Fighting Words na Gaeilge, nó teagmháil a dhéanamh le bridtreasa@ fightingwords.ie nó ag 087 916 6297 le haghaidh breis eolais.

## FOLÚNTAS POIST AG COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá **Comhar Naíonraí na Gaeltachta** sa tóir ar Phríomh-Mhúinteoir Luathbhlianta i Naíonra Ros a' Mhíl. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu, chomh maith le taithí ar a bheith ag obair le páistí faoi chúig bliana d'aois agus taithí ar bhainistíocht foirne freisin. Tá líofacht Ghaeilge riachtanach don phost seo. Post páirtaimseartha ó Luan go hAoine atá ann. Seol litir iarratais chomh maith le CV agus cóip de cháilíochtaí chuig An Bainisteoir Airgeadais & Acmhainní Daonna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua nó tré ríomhphost ag eolas@cnng.ie Dé Céadaoin 18ú Samhain 2020, an spriocdháta atá ann le hiarratas a sheoladh. Go n-éirí go geal leis na hiarratasóirí.

## BOB NÓ BEART CHOIS FHARRAIGE!



Míle buíochas do chuile dhuine a chur isteach ar ár gcomórtas Bob nó Beart Chois Fharraige! Bhí ríméad orainn bhur bpictiúir a fheiceáil agus an méid tacaíochta sin a fháil ar an togra! Beidh torthaí an chomórtais ar eolas againn amárach agus fógrófar na buaiteoirí ansin! Maith sibh a chairde! Níos mó le teacht an tseachtain seo chugainn!















**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## DAIDÍ NA NOLLAG AR ZÚM!



Bhí Daidí na Nollag i dteagmháil leis an bhfoireann i **Muintearas** le gairid! Cé gur cosúil nach mbeidh sé in ann a bheith thart i mbliana mar a bhíodh chuile bhliain eile, tá sé i gceist aige labhairt le gasúir na Gaeltachta ar Zúm. Más maith le duine ar bith coinne a dhéanamh le Daidí na Nollag is féidir ríomhphost a sheoladh chuig naiolann@muintearas.com leis an teideal "Daidí na Nollag" roimh 27 Samhain. Seol ainm an pháiste, ainmneacha Mhamaí/Dhaidí/deartháir(eacha)/deirfiúr(acha), a bhfuil ar an liosta ag an bpáiste don Nollaig agus aon eolas eile ar mhaith leat a lua, sa teachtaireacht! Nár laga Dia thú, a Santaí!